Preaseisiúint FRA
Vín, 30 Bealtaine, 2017

An bhearna idir beartais agus réaltacht a dhúnadh:

Tuarascáil um Chearta Bunúsacha FRA 2017

Le deich mbliana anuas, glacadh le dlíthe agus beartais nua i ndáil le cearta bunúsacha agus cruthaíodh institiúidí speisialaithe. Ach bíonn dúshláin i ndáil le cearta bunúsacha ann fós agus bíonn cearta faoi ionsaí, rud a leagann béim ar an easpa de chultúr um chearta bunúsacha ar fud na n-institiúidí agus na sochaithe, mar atá léirithe i dTuarascáil 2017 ar Chearta Bunúsacha de chuid Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA).

"Tá na dlíthe agus na struchtúir ann chun cearta daonna a chosaint san AE, ach tá an mhuinín atá ag daoine go ndéanfar é sin á cailleadh againn" a deir Stiúrthóir FRA Michael O'Flaherty. *"Ní mór dúinn freagra láidir a thabhairt dóibh siúd a chuireann dúshlán faoin gcóras um chearta a chosaint agus a léiriú do dhaoine go mbíonn an tsochaí níos fearr do gach duine trí chearta daonna a bheith ann. Ní mór cearta a bheith ann chun dul i ngleic leis na míchothromaíochtaí ollmhóra sa tsochaí, amhail bochtaineacht leanaí agus foréigean in aghaidh na mban, agus ceartas do gach duine a áirithiú."*

Deich mbliana tar éis do FRA a bheith bunaithe, déantar i dTuarascáil ar Chearta Bunúsacha na bliana seo machnamh ar na buaicphointí agus ar na heasnaimh maidir le cosaint na gceart daonna le deich mbliana anuas. Déantar sa tuarascáil achoimre agus anailís ar mhórfhorbairtí i ndáil le cearta daonna san AE le linn 2016, agus chlúdaíonn moltaí le haghaidh gníomhaíochta Cairt an AE um Chearta Bunúsacha agus úsáid na cairte sin ag Ballstáit; comhionannas agus neamh-idirdhealú; ciníochas, seineafóibe agus éadulaingt bhainteach; lánpháirtiú na Romach; tearmann, teorainneacha agus imirce; an tsochaí faisnéise, príobháideacht agus cosaint sonraí; cearta leanaí; rochtain ar cheartas; agus cur chun feidhme choinbhinsiún míchumais na NA.

Chun cosaint ar chearta san AE a fheabhsú, déantar moltaí sa tuarascáil, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- **Bain úsáid as** lánphoitéinseal **na Cairte um Chearta Bunúsacha** sa reachtaíocht náisiúnta agus sa chásdlí agus i dtimthriallta beartais an AE freisin, amhail an Seimeastar Eorpach chun seachadadh ar chomhionannas agus ceartas do gach duine ar fud an AE. Mar gheall ar an gcruthú de chreat straitéiseach inmheánach an AE ar chearta bunúsacha agus ar aontachas an AE leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta Daonna, dhéanfaí cosaint ar chearta san AE a neartú tuilleadh.
- **Cuir i gcoinne an chreimthe sa tiomantas do chearta bunúsacha agus do luachanna.** I gcoinne cúlra d'éadulaingt atá ag dul i méid agus de reitric seineafóibeach, muinín íseal in institiúidí poiblí, agus titim siar i ngnéithe áirithe de riail an dlí, ní mór bealaí nua a aimsiú le míniú a thabhairt ar cén fáth a bhfuil cearta tábhachtach ag gach duine agus le haghaidh gach duine.
- **Tacaigh le cosantóirí na gceart daonna.** Agus cearta bunúsacha faoi ionsaí, ní mór cosantóirí um chearta daonna a chumhachtú agus a chumasú. Ní mór ról tosaigh na sochaí sibhialta a chosaint i ndáil le cearta a chur chun cinn agus a chosaint. Trí chur le hinstitiúidí náisiúnta um chearta daonna agus le líonraí náisiúnta tacaíochta le hacmhainní cuí, d'fhéadfadh úinéireacht chomhchoiteann na gceart bunúsach a mhéadú freisin.

Le tuilleadh faisnéise a fháil, téigh i dteagmháil le do thoil le:
media@fra.europa.eu / Teil: +43 1 580 30 642